



Athbhreithniú scoilbhunaithe: **Ceisteanna Ghuth an Scoláire**

Ceisteanna Ghuth an Scoláire (an dara/trí bliain)

1. Céard a chabhraíonn libh foghlaim sa rang díreach anois? D'fhéadfadh sibh cuimhneamh ar chuir chuige dhifriúla teagaisc nó cineálacha difriúla measúnaithe (scrúduithe, tionscadail, measúnuithe rangbhunaithe, srl.).
2. Cén chaoi a mbeidh na rudaí sin a chabhraíonn libh foghlaim anois áisiúil amach anseo, dar libh?
3. Céard iad na rudaí is fearr a chuala sibh faoin tsraith shinsearach ó scoláirí eile, ó bhur múinteoirí nó ó dhaoine muinteartha libh?
4. Céard iad na difríochtaí idir an tsraith shóisearach agus an tsraith shinsearach meas sibh?
5. Céard iad na rudaí is tábhachtaí a gheobhaidh sibh ó bhur n-am sa tsraith shinsearach meas sibh?
 - Seachas cáilíochtaí agus torthaí scrúduithe – céard eile atá tábhachtach?
 - Céard eile ba cheart a mheas mar fhoghlaim rathúil sa tsraith shinsearach?
6. An gceapann sibh go bhfeileann an tsraith shinsearach faoi mar atá sé faoi láthair do gach scoláire?
 - An gcinntíonn sí gur féidir le gach duine, beag beann ar bhua, cumas agus spéis, a mbarr feabhais a bhaint amach ar scoil?
 - An gcabhraíonn sí le gach duine a lánchumas a bhaint amach i ndiaidh na scoile?
7. Céard iad na rudaí ba mhaith libh a athrú faoin tSraith Shinsearach?
 - Chun í a dhéanamh níos fearr daoibhse?
 - Chun í a dhéanamh níos fearr ionas gur féidir le bhur gcairde ar fad a gcumas a bhaint amach chomh maith agus is féidir leo?
 - Chun comhairle a chur ar fáil ionas go ndéanfaidh sibh rogha mhaith faoin méid a dhéanfaidh sibh i ndiaidh na scoile?
8. Cuimhnigh ar an taithí a bhí agaibh ar an tsraith shóisearach nua, cén chaoi ar cheart don tsraith shinsearach tógáil ar an taithí sin?



Athbhreithniú scoilbhunaithe: **Ceisteanna Ghuth an Scoláire**

9. Ar mhaith libh aon cheo a thabhairt ar aghaidh ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach – m.sh. tuairisciú difriúil ar nós Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí nó Measúnuithe Rangbhunaithe?

Ceisteanna Ghuth an Scoláire (an Idirbhliain, an Cúigiú/Séú Bliain)

1. Céard ba mhó a thaitin libh faoin tsraith shóisearach?
2. Céard iad na rudaí is fearr faoin tsraith shinsearach in bhur scoilse?
 - B'fhéidir gur mhaith libh smaoineamh faoi na gníomhaíochtaí a dhéanann sibh, na réimsí a bhfuil spéis faoi leith agaibh iontu, nó bhur gcaidreamh le scoláirí eile agus le bhur múinteoirí.
 - An bhfuil ábhair faoi leith a thaitníonn go mór libh – cén fáth a dtaitníonn na hábhair sin libh?
 - Céard a chabhraíonn libh foghlaim níos fearr sa tsraith shinsearach? (B'fhéidir gur mhaith libh smaoineamh faoin gclár/faoi na cláir a rinne sibh m.sh. an Ardteistiméireacht Bhunaithe, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach, Gairmchlár na hArdteistiméireachta nó an Idirbhliain)
3. Cén chaoi a gcabhróidh an taithí agus an fhoghlaim sin libh amach anseo, dar libh?
 - An gceapann sibh go gcabhróidh bhur dtaithí sa tsraith shinsearach libh bhur gcumas a bhaint amach?
4. Céard iad na rudaí is tábhachtaí a gheobhaidh sibh ó bhur n-am sa tsraith shinsearach?
 - Seachas cáilíochtaí agus torthaí scrúduithe – céard eile atá tábhachtach?
 - Céard is rath ann do scoláire in bhur scoilse?
 - Cé chomh tábhachtach agus atá scrúduithe dar libhse agus dar leis an scoil?



Athbhreithniú scoilbhunaithe: **Ceisteanna Ghuth an Scoláire**

5. An gceapann sibh go bhfeileann an tsraith shinsearach faoi mar atá sé faoi láthair do gach scoláire?
 - An gcinntíonn sé gur féidir le gach duine, beag beann ar bhua, cumas agus spéis, a mbarr feabhais a bhaint amach ar scoil?
 - An gcabhraíonn sí le gach duine a lánchumas a bhaint amach i ndiaidh na scoile?

6. Céard iad na rudaí ba mhaith libh a athrú faoin tsraith shinsearach?
 - Céard ba mhaith libh a thabhairt isteach agus sibh i mbun na sraithe sinsearaí ionas go mbeadh eispéireas níos fearr agaibh?
 - Céard a d'fhéadfaí a fheabhsú sa tsraith shinsearach ionas go bhféadfadh bhur gcairde ar fad a gcumas a bhaint amach chomh maith agus is féidir leo?
 - Cé na gnéithe den tsraith shinsearach ba mhaith libh béim níos mó a chur orthu nó níos mó ama a chaitheamh leo?

7. Céard atá i gceist agaibh a dhéanamh nuair a fhágann sibh an scoil?
 - An bhfuil sibh sásta leis an bplean sin?
 - Ar cuireadh comhairle oraibh faoin bplean sin? Cé a chuir an chomhairle sin oraibh?
 - An gceapann sibh go raibh dóthain ama agus cúnamh agaibh chun cinntí a dhéanamh faoina ndéanfaidh sibh nuair a fhágann sibh an scoil?
 - An gceapann sibh go n-éireoidh libh an plean sin a chur i gcrích?

8. Nuair a chríochnaíonn sibh leis an scoil tabharfar teastas torthaí daoibh. An gceapann sibh go léireoidh sé sin i gceart an méid a bhain sibh amach i rith na sraithe sinsearaí?
 - Cén chaoi a bhféadfaí é sin a fheabhsú – céard eile ba cheart a thuairisciú?